*Uimhir* 12 *de* 2001

# An tAcht um Banc ACC, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 12 *de* 2001

# AN tACHT UM BANC ACC, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt


1. Léiriú.
2. Caiteachais an Aire.
3. Leasú ar alt 11 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978.
4. Scaireanna in ACC a dhiúscairt agus a eisiúint i dtaca le hiontaobhas.
5. Scaireanna in ACC a dhiúscairt.
6. Forálacha i ndáil le ráthaíochtaí ón Aire faoi alt 14 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978.
7. Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais ACC a athrú.
8. An tAcht um Chlárú Teidil, 1964.
9. Airnéismhorgáistí.
10. Leasú ar alt 2 den Acht Árachais (Leasú), 1978.
11. Leasú ar alt 3 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.
12. Aisghairm agus cúlghairm.
13. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

Aisghairm agus Cúlghairm

CUID 1

Na hAchtacháin a Aisghairtear

CUID 2

Na hIonstraimí Reachtúla a Chúlghairtear

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Banc ACC, 1992 | 1992, Uimh. 6 |
| Na hAchtanna um Banc ACC, 1978 go 1999 | |
| An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1978 | 1978, Uimh. 2 |
| An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 | 1989, Uimh. 17 |
| Acht an Bhainc Ceannais, 1971 | 1971, Uimh. 24 |
| Acht an Bhainc Ceannais, 1997 | 1997, Uimh. 8 |
| Acht na gCuideachtaí, 1963 | 1963, Uimh. 33 |
| Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999 | |
| Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990 | 1990, Uimh. 27 |
| Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999 | 1999, Uimh. 30 |
| An tAcht um Banc ICC, 2000 | 2000, Uimh. 32 |
| An tAcht Árachais (Leasú), 1978 | 1978, Uimh. 30 |
| An tAcht um Chlárú Teidil, 1964 | 1964, Uimh. 16 |
| An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | 1997, Uimh. 39 |
| An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989 | 1989, Uimh. 21 |

*Uimhir* 12 *de* 2001

# AN tACHT UM BANC ACC, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ I nDÁIL LE BANC ACC CUIDEACHTA PHOIBLÍ THEORANTA LENA nÁIRÍTEAR SCAIRCHAIPITEAL ÚDARAITHE AN BHAINC A MHÉADÚ, SCAIREANNA SA BHANC A EISIÚINT I dTACA LE hIONTAOBHAS SCAIRÚINÉIREACHTA D'FHOSTAITHE CHUN SOCHAIR A FHOSTAITHE, AN tAIRE AIRGEADAIS DO DHIÚSCAIRT SCAIREANNA SA BHANC AGUS SOCRÚ I nDÁIL LE RÁTHAÍOCHTAÍ ÁIRITHE I LEITH IASACHTAÍ A FHAIGHEANN AN BANC, DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN NA hACHTANNA UM BANC ACC, 1978 GO 1999 AGUS FORÁLACHA ACHTACHÁN ÁIRITHE EILE A AISGHAIRM A MHÉID DÁ bhFORÁILTEAR AGUS CHUN IONSTRAIMÍ REACHTÚLA ÁIRITHE A CHÚLGHAIRM AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.
[29 *Bealtaine* 2001]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**(1) San Acht seo— Léiriú.

ciallaíonn ''ACC'' Banc ACC cuideachta phoiblí theoranta;

ciallaíonn ''cuideachta shealbhaíochta'' agus ''fochuideachta'' cuideachta shealbhaíochta agus fochuideachta (de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963) de chuid ACC;

ciallaíonn ''Aire'' an tAire Airgeadais;

ciallaíonn ''scaireanna'' scaireanna in ACC;

ciallaíonn ''iontaobhas'' iontaobhas scairúinéireachta d'fhostaithe lena mbaineann alt 519 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus arb iontaobhas é chun scaireanna, nó scaireanna i gcuideachta shealbhaíochta, a fháil agus a shealbhú chun tairbhe d'fhostaithe de chuid ACC nó de chuid fochuideachta.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt nó do Sceideal, is tagairt í d'alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt nó do mhír, is tagairt í d'fho-alt nó do mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(*c*) aon tagairt d'aon achtachán, is tagairt í don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis nó faoi aon achtachán dá éis.

Caiteachais an Aire.

**2.**—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Leasú ar alt 11 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978.

**3.**—Leasaítear alt 11 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 7 den Acht um Banc ACC, 1992):

"(1) £100,000,000 arna roinnt ina scaireanna £1 an ceann scairchaipiteal na Corparáide.".

Scaireanna in ACC a dhiúscairt agus a eisiúint i dtaca le hiontaobhas.

**4.**—(1) D'ainneoin aon ní dá mhalairt sna hAchtanna um Banc ACC, 1978 go 1999, féadfaidh ACC, i dtaca le hiontaobhas, cibé líon scaireanna nua a eisiúint, de cibé aicme nó aicmí agus faoi réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, a chinnfidh ACC agus féadfaidh ACC aon chearta, pribhléidí, coinníollacha nó srianta tosaíochta, iarchurtha, cáilithe nó speisialta a chur ag gabháil le haon scaireanna nua de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999.

(2) Féadfaidh an tAire, chun críoch iontaobhais agus ar cibé modh agus faoi réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh sé nó sí, scaireanna atá á sealbhú aige nó aici a dhíol le fostaithe de chuid ACC nó de chuid fochuideachta, nó le hiontaobhaithe iontaobhais, nó iad a aistriú ar shlí eile chucu.

(3) Ní bheidh feidhm ag alt 60 d'Acht na gCuideachtaí, 1963—

(*a*) maidir le ACC nó fochuideachta, nó

(*b*) maidir le cuideachta shealbhaíochta nó fochuideachta eile de chuid cuideachta sealbhaíochta,

do sholáthar airgid nó cúnaimh airgeadais (lena n-áirítear iasacht nó ráthaíocht nó soláthar urrúis nó ar shlí eile), go díreach nó go neamhdhíreach, tráth ar bith i dtaca le scaireanna, nó scaireanna i gcuideachta shealbhaíochta, a fháil (cibé acu trí cheannach nó trí mhalartú) nó i dtaca le suibscríobh lena n-aghaidh, arb éard atá ann fáil na scaireanna sin nó suibscríobh lena n-aghaidh de réir iontaobhais, nó aistriú na scaireanna sin chuig iontaobhas, is cuma cé acu a bheidh nó nach mbeidh na scaireanna sin uile nó cuid acu curtha i ngeall mar urrús nó ar shlí eile d'aon tríú páirtí.

(4) Íocfar isteach sa Státchiste nó diúscrófar chun tairbhe don Státchiste aon airgead a gheobhaidh an tAire i leith diúscairt scaireanna ag an Aire.

Scaireanna in ACC a dhiúscairt.

**5.**—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an tAire, faoi réir *fho-alt (2),* aon scair nó na scaireanna go léir in ACC atá á sealbhú ag an Aire a dhíol, a mhalartú, a aistriú nó a dhiúscairt thairis sin ar cibé modh agus faoi

réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh sé nó sí agus féadfaidh sé nó sí, chun na gcríoch réamhráite, comhaontuithe agus comhshocraíochtaí a dhéanamh.

(2) Gheobhaidh an tAire tairiscint ceadaithe ó Dháil Éireann sula ndéanfaidh sé nó sí diúscairt faoi *fho-alt (1)*.

(3) Níl feidhm ag an alt seo maidir le scaireanna atá á sealbhú ag an Aire a dhíol nó a aistriú faoi *alt 4* nó faoi alt 11(6) den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978.

(4) Íocfar isteach sa Státchiste nó diúscrófar chun tairbhe don Státchiste aon airgead a gheobhaidh an tAire i leith diúscairt scaireanna ag an Aire.

Forálacha i ndáil le ráthaíochtaí ón Aire faoi alt 14 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978.

**6.**—(1) D'ainneoin aisghairm na nAchtanna um Banc ACC, 1978 go 1999, ach faoi réir *fho-alt (2)*, aon ráthaíocht a thug an tAire faoi alt 14 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978 agus a bheidh i bhfeidhm ar thosach feidhme an fho-ailt seo leanfaidh sí i bhfeidhm faoi réim agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha ar faoina réim agus faoina réir a tugadh í go dtí—

(*a*) go n-aisíocfaidh ACC príomh-mhéid an airgid a bhí, ar an tosach feidhme sin, faighte ar iasacht aige nó taiscthe leis agus a mbaineann an ráthaíocht leis, go n-íocfaidh ACC an t-ús ar an airgead sin agus go n-íocfaidh ACC aon mhéideanna eile lena mbaineann an ráthaíocht,

(*b*) go n-íocfaidh an tAire an méid lena mbaineann an ráthaíocht nó an méid atá gan íoc agus lena mbaineann an ráthaíocht,

(*c*) go scoirfidh an tAire ar shlí eile de bheith faoi aon dliteanas iarbhír nó teagmhasach faoin ráthaíocht, nó

(*d*) go dtabharfaidh duine eile ráthaíocht, a bheidh inghlactha ag an iasachtóir nó an taisceoir lena mbaineann, go ndéanfaidh ACC an t-airgead réamhráite a aisíoc go cuí agus an t-ús réamhráite agus na méideanna eile réamhráite (más ann) a íoc.

(2) Ní dhéanfaidh ACC, agus cinnteoidh sé nach ndéanfaidh aon duine a bheidh ag gníomhú thar a cheann, tar éis thosach feidhme *fho-alt (1)*, aon airgead a fháil ar iasacht nó a chruinniú, ná taisceadh airgid a shireadh nó a ghlacadh (lena n-áirítear athnuachan ar thaisceadh den sórt sin), ar théarmaí go bhfuil nó go mbeidh an t-airgead go léir, nó cuid den airgead, a fuarthas ar iasacht, a cruinníodh nó a taisceadh nó airgead is ionann agus an t-ús ar an gcéanna nó aon airgead a bhaineann leis sin ina ábhar nó ina hábhar do ráthaíocht faoi alt 14 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978, agus tabharfaidh sé, má cheanglaíonn agus aon uair a cheanglaíonn an tAire amhlaidh air, i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh an tAire, fógra á rá sin agus fógra i dtaobh aon fhoirceannadh (a bheidh faoi réir *fho-alt (1)*) ag an Aire ar ráthaíochtaí faoin alt sin 14.

(3) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, ráiteas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ina leagfar amach, maidir le gach ráthaíocht dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus a bheidh i bhfeidhm ar dheireadh teacht leis an mbliain airgeadais sin—

(*a*) sonraí na ráthaíochta,

(*b*) i gcás aon íocaíocht a bheith déanta ag an Aire faoin ráthaíocht i rith na bliana sin, méid na híocaíochta agus an méid (más ann) a aisíocadh leis an Aire i leith na híocaíochta,

(*c*) an méid den phríomhshuim lena mbaineann an ráthaíocht agus a bhí gan íoc i ndeireadh na bliana sin.

(4) Déanfaidh ACC méid atá comhionann le méid aon airgid a d'íoc an tAire faoi ráthaíocht dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a aisíoc leis an Aire (mar aon le ACC d'íoc ús ar an méid sin leis nó léi, má cheanglaíonn an tAire amhlaidh, de réir cibé ráta a cheapfaidh an tAire) laistigh de cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire.

(5) I gcás iomlán an airgid a cheanglaítear le *fo-alt (4)* a aisíoc leis an Aire nó aon chuid de a bheith gan aisíoc de réir an fho-ailt sin, déanfar an méid a bheidh gan aisíoc a aisíoc leis an bPríomh-Chiste as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(6) D'ainneoin airgead a sholáthar faoi *fho-alt (5)* chun méid a aisíoc leis an bPríomh-Chiste, leanfaidh ACC de bheith faoi dhliteanas don Aire i leith an mhéid sin agus déanfaidh ACC an méid sin (mar aon le hús air, má cheanglaíonn an tAire amhlaidh, de réir cibé rátaí a cheapfaidh an tAire) a aisíoc leis an Aire cibé tráthanna agus i cibé tráthchodanna a cheapfaidh an tAire agus, mura n-aisíocfar an méid sin mar a dúradh agus gan dochar d'aon mhodh gnóthaithe eile, beidh sé inghnóthaithe ag an Aire mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla agus ar ACC a fhoirceannadh, d'ainneoin aon ní atá in aon chomhaontú nó aon achtachán, beidh sé ar chéim *pari passu* le fiacha gach creidiúnaí neamhurraithe eile de chuid ACC.

(7) Íocfar isteach sa Státchiste nó diúscrófar chun tairbhe don Státchiste aon airgead a aisíocfaidh ACC leis an Aire, nó a ghnóthóidh an tAire ó ACC, faoin alt seo.

(8) Déanfar an t-airgead go léir a theastóidh ó am go ham ón Aire faoi chomhair suimeanna a thiocfaidh chun bheith iníoctha aige nó aici faoin Acht seo a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

(9) Féadfar fógra faoin alt seo a thabhairt leis an bpost cláraithe nó ar aon mhodh eile.

Meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais ACC a athrú.

**7.**—Déanfaidh ACC cibé bearta faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999 is gá lena mheabhrán comhlachais agus a airteagail chomhlachais a athrú le go mbeidh siad i gcomhréir leis an Acht seo.

An tAcht um Chlárú Teidil, 1964.

**8.**—(1) Ní bheidh feidhm ag alt 23 den Acht um Chlárú Teidil, 1964 maidir le ACC.

(2) Gach eastát agus leas i dtalamh ruílse agus gach leas léasach i dtalamh a bheidh, roimh thosach feidhme an ailt seo, tíolactha, deonaithe nó sannta do ACC nó a bheidh faighte ar shlí eile ag ACC nó a bheidh dílsithe do ACC (agus nach mbeidh diúscartha ag ACC ar thosach feidhme an ailt seo), dílseoidh siad do ACC d'ainneoin úinéireacht na n-eastát agus na leasanna sin gan bheith cláraithe i gClárlann na Talún de réir ailt 23 agus 25 den Acht um Chlárú Teidil, 1964.

Airnéismhorgáistí.

**9.**—(1) Leasaítear alt 23(1) den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978—

(*a*) trí "banc aitheanta" a scriosadh, agus

(*b*) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ‘‘iasachtóir aitheanta’’—

‘‘ciallaíonn ‘iasachtóir aitheanta’ foras creidmheasa atá údaraithe faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa a Cheadúnú agus a Mhaoirsiú), 1992 (I.R. Uimh. 395 de 1992).’’.

(2) Aisghairtear alt 25 den Acht Cairde Talmhaíochta, 1978.

Leasú ar alt 2 den Acht Árachais (Leasú), 1978.

**10.**—Leasaítear an tAcht Árachais (Leasú), 1978 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 2 (a cuireadh isteach le halt 12 den Acht um Banc ACC, 1992 agus arna leasú le halt 7(1) den Acht um Banc ICC, 2000):

‘‘2.—(1) Baineann an tAcht seo le haon bhanna nó le haon chonradh urraíochta nó ráthaíochta arna thabhairt, nó arna dhéanamh, mar urra nó ráthóir ag ceadúnaí i gcúrsa a ghnó baincéireachta nó arna thabhairt nó arna dhéanamh, mar urra nó ráthóir, i gcúrsa a ghnó baincéireachta ag duine a chónaíonn lasmuigh den Stát do shásamh ceanglais, agus d’aon toisc chun críoch ceanglais, is ceanglas de chuid ceadúnaí, agus a rinneadh d’aon toisc d’urrú saoráidí airgeadais atá le cur ar fáil ag an gceadúnaí sin.

(2) San alt seo—

tá le ‘gnó baincéireachta’ an bhrí a shanntar dó le halt 2 (arna leasú le halt 70 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997) d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971;

ciallaíonn ‘ceadúnaí’ sealbhóir ar cheadúnas a deonaíodh faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971.’’.

Leasú ar alt 3 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

**11.**—(1) Leasaítear alt 3(2)(*b*) (a cuireadh isteach le halt 6 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

‘‘(*b*) Más rud é, maidir leis an gcuideachta dá dtagraítear in alt 2—

(i) gur sealbhóir í ar cheadúnas faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971,

(ii) gur cuideachta í ar chomhshóigh cumann foirgníochta é féin inti faoi Chuid XI den Acht Cumann Foirgníochta, 1989,

(iii) gur cuideachta í a ndearna banc taisce iontaobhais amháin nó níos mó é féin nó iad féin a atheagrú inti de bhun ordú faoi alt 57 den Acht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989, nó

(iv) gurb í Banc ACC cuideachta phoiblí theoranta í,

féadfaidh an Banc Ceannais, agus an Banc sin amháin, achainí faoi alt 2 a thíolacadh, agus ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) den alt seo maidir leis an gcuideachta’’.

(2) Leasaítear alt 3(2)(*b*) (a cuireadh isteach le *fo-alt (1)*) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) Más rud é, maidir leis an gcuideachta dá dtagraítear in alt 2—

(i) gur sealbhóir í ar cheadúnas faoi alt 9 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971,

(ii) gur cuideachta í ar chomhshóigh cumann foirgníochta é féin inti faoi Chuid XI den Acht Cumann Foirgníochta, 1989, nó

(iii) gur cuideachta í a ndearna banc taisce iontaobhais amháin nó níos mó é féin nó iad féin a atheagrú inti de bhun ordú faoi alt 57 den Acht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989,

féadfaidh an Banc Ceannais, agus an Banc sin amháin, achainí faoi alt 2 a thíolacadh, agus ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) den alt seo maidir leis an gcuideachta.".

Aisghairm agus cúlghairm.

**12.**—(1) Aisghairtear na hachtacháin a luaitear i *gcolún (2)* de *Chuid 1* den *Sceideal* a mhéid a luaitear i *gcolún (3)* den Chuid sin.

(2) Cúlghairtear na hionstraimí reachtúla a luaitear i *gcolún (2)* de *Chuid 2* den *Sceideal* a mhéid a luaitear i *gcolún (3)* den Chuid sin.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

**13.**—(1) Féadfar an tAcht um Banc ACC, 2001 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe ón Aire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla (lena n-áirítear feidhm *alt 12* maidir le hachtacháin agus le hionstraimí reachtúla éagsúla a shonraítear sa *Sceideal* agus maidir le forálacha éagsúla de na hachtacháin agus de na hionstraimí sin).

## AN SCEIDEAL

*Alt 12.*

### Aisghairm agus Cúlghairm

### CUID 1

### Na hAchtacháin a Aisghairtear

| Bliain agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1) | Teideal an Achta (2) | Méid na hAisghairme (3) |
|---|---|---|
| 1879, c.11 | *Bankers' Books Evidence Act*, 1879 | Alt 9(1)(*f*). |
| 1882, c.61 | *Bills of Exchange Act*, 1882 | In alt 2, sa mhíniú ar ''Banker'', mír (*c*). |
| Uimh. 36 de 1929 | An tAcht um Chúiteamh Stát-Sheirbhíse (Oifigigh Aistrithe), 1929 | In alt 16(3)(*c*), na focail "no i gCorporáid an Cháirde Thalmhaíochta, Teoranta,", agus in ítim 12(*c*) den Chéad Sceideal, na focail "or the Agricultural Credit Corporation, Limited,". |
| Uimh. 39 de 1934 | An tAcht Comhar-Chumann Talmhaíochta (Debentiúirí), 1934 | Ailt 2(1)(*c*) agus 7. |
| Uimh. 28 de 1935 | An tAcht Airgid, 1935 | In alt 33(6), sa mhíniú ar ''baincéir'', na focail ''Corparáid an Chairde Thalmhaíochta, Teoranta,''. |
| Uimh. 39 de 1936 | An tAcht Aois-liúntas, 1936 | Alt 25. |
| Uimh. 14 de 1970 | An tAcht Airgeadais, 1970 | In alt 39 (1), sa mhíniú ar ''urrúis'', na focail ''agus deimhnithe muirir faoi na hAchtanna Cáirde Talmhaíochta, 1927 go 1965''. |
| Uimh. 24 de 1971 | Acht an Bhainc Ceannais, 1971 | In alt 7(4)(*a*)(ii) (a cuireadh isteach le halt 30 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989), na focail ''Corparáid an Chairde Talmhaíochta, cuideachta phoiblí theoranta,''. |
| Uimh. 19 de 1973 | An tAcht Airgeadais, 1973 | In alt 60(1), sa mhíniú ar ''urrúis'', na focail ''agus deimhnithe muirir faoi na hAchtanna Cáirde Talmhaíochta, 1927 go 1972''. |
| Uimh. 8 de 1976 | An tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976 | In alt 61(7), sa mhíniú ar ''baincéir'', na focail '', Corparáid an Chairde Thalmhaíochta Teoranta''. |
| Uimh. 2 de 1978 | An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1978 | Codanna II, IV (seachas maidir le muirir ar thalamh a tugadh i bhfabhar ACC roimh thosach feidhme na haisghairme seo) agus V. |

| Bliain agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain<br>(1) | Teideal an Achta<br>(2) | Méid na hAisghairme<br>(3) |
|---|---|---|
| Uimh. 19 de 1979 | An tAcht um Thionól na hEorpa (Ionadaithe na hÉireann), 1979 | Sa Sceideal, na focail "Corparáid an Chairde Talmhaíochta". |
| Uimh. 31 de 1979 | An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1979 | An tAcht iomlán. |
| Uimh. 26 de 1980 | An tAcht Ombudsman, 1980 | Sa Dara Sceideal, na focail "Corparáid an Chairde Talmhaíochta, Teoranta". |
| Uimh. 24 de 1982 | An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1982 | An tAcht iomlán. |
| Uimh. 25 de 1986 | Acht na gCuideachtaí, (Leasú), 1986 | Alt 2(2)(*e*). |
| Uimh. 6 de 1988 | An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1988 | An tAcht iomlán. |
| Uimh. 12 de 1988 | An tAcht Airgeadais, 1988 | Alt 75. |
| Uimh. 17 de 1989 | An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 | Alt 93(4)(*d*) agus (*e*). |
| Uimh. 33 de 1990 | Acht na gCuideachtaí, 1990 | Alt 78(4)(*a*)(iii). |
| Uimh. 37 de 1990 | An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990 | In alt 1(1), i mír (*c*) den mhíniú ar "urrúis", na focail "do Chorparáid an Chairde Talmhaíochta cuideachta phoiblí theoranta,". |
| Uimh. 6 de 1992 | An tAcht um Banc ACC, 1992 | An tAcht iomlán. |
| Uimh. 11 de 1992 | An tAcht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992 | In alt 2(1)(*a*), na focail ", seachas Banc ACC cpt,".<br><br>Alt 2(3). |
| Uimh. 8 de 1993 | Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 | Sa Dara Sceideal, na focail "Banc ACC cuideachta phoiblí theoranta". |
| Uimh. 15 de 1994 | An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994 | Alt 32(1)(*h*). |
| Uimh. 26 de 1994 | An tAcht um Banc ACC, 1994 | An tAcht iomlán. |
| Uimh. 9 de 1995 | An tAcht um Stocmhalartáin, 1995 | In alt 3(1), i mír (*b*) den mhíniú ar "feidhmeanna reachtúla", na focail "na Rialachán fán Acht um Banc ACC, 1992 (Alt 4), 1992 (I.R. Uimh. 373 de 1992),". |

| Bliain agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain<br>(1) | Teideal an Achta<br>(2) | Méid na hAisghairme<br>(3) |
|---|---|---|
| Uimh. 11 de 1995 | An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995 | In alt 2(1), i mír (*b*) den mhíniú ar ‘‘feidhmeanna reachtúla’’, na focail ‘‘na Rialacháin fán Acht um Banc ACC, 1992 (Alt 4), 1992 (I.R. Uimh. 373 de 1992),’’. |
| Uimh. 24 de 1995 | An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 | In alt 2(1), sa mhíniú ar ‘‘foras creidmheasa’’, mír (*e*). |
| Uimh. 8 de 1997 | Acht an Bhainc Ceannais, 1997 | In alt 2(1), i mír (*b*) den mhíniú ar ‘‘feidhmeanna reachtúla’’, na focail ‘‘na Rialachán fán Acht um Banc ACC, 1992 (Alt 4), 1992 (I.R. Uimh. 373 de 1992),’’. |
| Uimh. 31 de 1997 | An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 | Sa Sceideal, na focail ‘‘Banc ACC cpt’’. |
| Uimh. 39 de 1997 | An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | In alt 37, sa Tábla, na focail ‘‘Urrúis arna n-eisiúint ag Banc ACC cpt.’’.<br><br>Alt 47, seachas maidir le bintiúir, stoc bintiúir agus deimhnithe muirir arna n-eisiúint roimh thosach feidhme na haisghairme seo.<br><br>In alt 256(1), sa mhíniú ar ‘‘ús’’, na focail ‘‘ach ní áireofar mar ús chun críocha na Caibidle seo aon mhéid arb é atá ann aon bharrachas a bheidh ag an méid a gheofar trí fhuascailt aon sealbháin de Bhannaí Bónais ACC — An Chéad Sraith, arna n-eisiúint ag Banc ACC cpt, ar an méid a íocadh i leith an tsealbháin;’’,<br><br>In alt 256(1) sa mhíniú ar ‘‘glacadóir taisce iomchuí’’, mír (*d*).<br><br>In alt 519 C (1), mír (*d*) den mhíniú ar ‘‘foras coigiltis cáilitheach’’.<br><br>In alt 607(1)(*d*), na focail ‘‘Banc ACC cpt,’’, seachas maidir le bintiúir, stoc bintiúir, deimhnithe muirir nó foirmeacha eile urrúis arna n-eisiúint roimh thosach feidhme na haisghairme seo.<br><br>In alt 784A(1)(*a*), mír (*d*) den mhíniú ar ‘‘bainisteoir ciste cháilithigh’’.<br><br>In alt 838(1)(*a*) i mír (ii) den mhíniú ar ‘‘urrúis’’, na focail ‘‘Banc ACC cpt,’’, seachas maidir le hurrúis arna n-eisiúint roimh thosach feidhme na haisghairme seo.<br><br>I Sceideal 13, ítim Uimh. 33. |

| Bliain agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain<br>(1) | Teideal an Achta<br>(2) | Méid na hAisghairme<br>(3) |
|---|---|---|
| Uimh. 52 de 1998 | An tAcht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998 | Alt 11(4)(*e*). |
| Uimh. 29 de 1999 | An tAcht um Banc ICC, 1999 | Alt 6. |
| Uimh. 31 de 1999 | An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 | In alt 103, mír (*b*) den mhíniú ar "duine cuí".<br>In alt 123(1), mír (*b*) den mhíniú ar "banc". |

CUID 2

Na hIonstraimí Reachtúla a Chúlghairtear

| Uimhir agus Bliain<br>(1) | Teideal na hIonstraime<br>(2) | Méid na Cúlghairme<br>(3) |
|---|---|---|
| Uimh. 141 de 1949 | Na Rialacháin Comhar-Chumann Talmhaíochta (Bintiúirí), 1949 | Sa Sceideal, Cuid III, maidir le muirir arna n-ordú tar éis thosach feidhme na cúlghairme seo. |
| Uimh. 111 de 1964 | Na Rialacháin Aoisliúntas (Eagraíochtaí Ceadaithe a Ainmniú), 1964 | Sa Sceideal, na focail "Corparáid an Chairde Thalmhaíochta, Teoranta.". |
| Uimh. 117 de 1978 | Ordú na Seirbhíse Poiblí (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 1978 | Sa Sceideal, na focail "An tAcht Cairde Talmhaíochta, 1978 (Uimh. 2 de 1978) ". |
| Uimh. 437 de 1986 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuntais, Ráitis agus Luachálacha Árachais Saoil), 1986 | I Rialachán 37(1), mír (*g*) sa mhíniú ar "foras airgeadais ceadaithe".<br>I Rialachán 37(1), sa mhíniú ar "urrúis cheadaithe", i mír (*c*), na focail "Corparáid an Chairde Talmhaíochta Teoranta". |
| Uimh. 59 de 1991 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Paisinéirí ar Bhóithre), 1991 | I Rialachán 2(1), sa mhíniú ar "Banc nó bunaíocht eile a bheidh cáilithe go cuí", na focail "Corparáid an Chairde Talmhaíochta c.p.t.,". |
| Uimh. 60 de 1991 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Marsantais de Bhóthar), 1991 | I Rialachán 2(1), sa mhíniú ar "banc nó bunaíocht eile atá cáilithe go cuí", na focail "Corparáid an Chairde Talmhaíochta c.p.t.,". |
| Uimh. 201 de 1992 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí: Grúpchuntais), 1992 | Rialachán 6(2)(*e*). |

| | | |
|---|---|---|
| Uimh. 395 de 1992 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa a Cheadúnú agus a Mhaoirsiú), 1992 | I Rialachán 2(1), sa mhíniú ar ‘‘achtacháin mhaoirseachta’’ na focail ‘‘an tAcht um Banc ACC, 1992 (Uimh 6 de 1992),’’. |
| Uimh. 168 de 1995 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí), 1995 | I Rialachán 3(1), sa mhíniú ar ‘‘achtacháin maoirseachta’’ na focail ‘‘an tAcht um Banc ACC, 1992 (Uimh 6 de 1992),’’. |
| Uimh. 32 de 1997 | Na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlacht Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe Forordaithe agus Poist Ainmnithe Fhorordaithe i gComhlachtaí Poiblí), 1997 | Sa Sceideal, ítim Uimh. 40. |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 305792